Aonad 3

Bileog Oibre

I dtús báire

Ar ball, cluinfidh tú Aodh Ó Gallchóir ag labhairt faoin tsuim atá aige sa tsléibhteoireacht agus an dóigh a gcuidíonn an caitheamh aimsire sin leis éalú ó chúraimí an tsaoil.

- Seo thíos cúpla frása a d'úsáid Aodh sa chéad chuid den fhíseán. Pléigh na frásaí leis an duine in aice leat. An dtuigeann sibh an bhrí atá leo? Cuir achan cheann acu in abairt lena mbrí a léiriú.

  I mo thachrán: _____

  _____

  _____

  Leac an dorais: _____

  _____

  _____

  Bíonn faill agam: _____

  _____

  Dreas cainte:_____

  _____

- Anois, amharc ar an mhír agus éist leis na frásaí i gcomhthéacs an agallaimh.

Cluastuiscint

Amharc ar an chéad chuid den fhíseán uair amháin eile agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

1 Cén t-eolas a thugann Aodh faoina óige?

_____

2 'Deis mhachnaimh' atá sa tsléibhteoireacht, dar leis. Cad chuige a mbíonn gá aige lena leithéid?

_____

3 Cad chuige a luann Aodh cúrsaí bia?

_____

4 Luann sé dhá bhuntáiste eile atá leis an tsléibhteoireacht. Caidé na buntáistí sin?

_____

Ardú feasachta

Cuid de hainmfhocail iolra a úsáidtear i gcanúint Thír Chonaill, tá siad canúnach nó neamhchaighdeánach.

Amharc arís ar an chéad chuid den fhíseán agus bí ag éisteacht fá choinne samplaí den ainmfhocal iolra sa mhéid a deir Aodh. Tá cúpla ceann de na leaganacha sin canúnach nó neamhchaighdeánach. Déan liosta de na hainmfhocail iolra ar fad atá le cluinstin agus abair cé acu atá siad caighdeánach nó canúnach.

1	_____	caighdeánach ❑	canúnach ❑
2	_____	caighdeánach ❑	canúnach ❑
3	_____	caighdeánach ❑	canúnach ❑
4	_____	caighdeánach ❑	canúnach ❑
5	_____	caighdeánach ❑	canúnach ❑
6	_____	caighdeánach ❑	canúnach ❑
7	_____	caighdeánach ❑	canúnach ❑
8	_____	caighdeánach ❑	canúnach ❑
9	_____	caighdeánach ❑	canúnach ❑
10	_____	caighdeánach ❑	canúnach ❑

- Pléigh do chuid nótaí leis an duine in aice leat. Pléifidh an múinteoir na leaganacha éagsúla leis an rang ar fad ansin.
- Tá iolra faoi leith ag na hainmfhocail seo thíos i nGaeilge Uladh. An bhfuil siad ar eolas agat?

	Iolra caighdeánach	**Iolra neamhrialta**
Scoil	_____	_____
Leabhar	_____	_____
Bád	_____	_____
Éan	_____	_____
Fuinneog	_____	_____
Bliain	_____	_____
Gasúr	_____	_____

- Bíonn mearbhall ar fhoghlaimeoirí corruair faoin leagan 'ceart' iolra atá ag ainmfhocal. Ní bhíonn siad cinnte cé acu atá sé caighdeánach nó canúnach. Is fiú dul go dtí https://www.teanglann.ie/ga/ agus an leagan iolra atá agat ('scoltacha', mar shampla) a scríobh san inneall cuardaigh. Seans maith go bhfaighidh tú an t-eolas atá de dhíth ort, mar shampla: 'scoltacha, var. pl. of scoil.' Is é 'scoileanna' an t-iolra caighdeánach.
- Agus tú ag dul i ngleic le canúint Uladh, tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoi na leaganacha canúnacha seo. Dar ndóigh, níl na leaganacha canúnacha mícheart – tá lánchead iad a úsáid agus tú ag labhairt nó ag scríobh na Gaeilge. Scéal eile a bheadh ann dá mbeadh cáipéis oifigiúil le scríobh nó le haistriú agat.

Cluastuiscint

Amharc ar an dara cuid den fhíseán agus freagair na ceisteanna seo thíos.

1 Caidé a dhéanann Aodh le go mbeidh sé níos sábháilte agus é amuigh ag sléibhteoireacht?

2 Scríobh achoimre i d'fhocail féin ar an mhéid a tharla d'Aodh lá dá raibh sé sna sléibhte i gCill Mhantáin.

Cur agus cúiteamh

Bíonn Aodh amuigh ag sléibhteoireacht – caitheamh aimsire a mbaineann contúirtí áirithe leis. Déan féin agus an duine in aice leat plé ar na cineálacha caitheamh aimsire a bhfuil dúil agaibh féin iontu.

Cuir síos domh ar rudaí a dhéanann tú féin le héalú ó bhrú an tsaoil.
Ar bhain tú triail as ceann ar bith de na rudaí seo? ag imirt cártaí ag cniotáil / obair chróise ag déanamh taighde ar do chrann ginealaigh ag iascaireacht
Inis domh faoi rudaí eile ar mhaith leat triail a bhaint astu ach an t-am agus an t-airgead a bheith agat.
An bhfuil áiseanna siamsaíochta faoi leith de dhíth i do cheantar féin?

Tusa i mbun taighde

Luaigh Aodh roinnt logainmneacha ina chuid cainte. Tá eolas fíorúsáideach maidir le logainmneacha Gaeilge sa bhunachar sonraí ar líne www.logainm.ie. Is fiú am a chaitheamh ar an tsuíomh ag triail agus ag dul i dtaithí ar na huirlisí cuardaigh agus oideachais atá le fáil air. Thig leat logainmneacha Gaeilge do cheantair féin a aimsiú agus éisteacht le logainmneacha á rá ar chomhaid fuaime.

Tá bailte móra agus beaga Chúige Uladh ar fad le fáil ar www.logainm.ie. Má theipeann ort logainm i do cheantar féin a aimsiú, is fiú triail a bhaint as www.placenamesni.org.

Cén t-eolas atá agatsa ar na logainmneacha i do cheantar féin? Caithfidh tú tabhairt faoi phíosa beag taighde anois.

- Scríobh nótaí mar gheall ar logainmneacha suimiúla i do cheantar féin.
- Beidh agat le torthaí do chuid taighde a chur i láthair sa chéad rang eile.

Ní miste díriú ar na rudaí seo a leanas le do chuid taighde a threorú:

- Tá focail mar seo a leanas an-choitianta i logainmneacha na hÉireann. An bhfuil aon cheann acu le fáil i do cheantar féin?

lios	dún	mín	gaoth	inis	machaire
port	caisleán	dún	rann/rinn	carraig	poll

- Is minic a bhíonn rian na Críostaíochta ar na logainmneacha, mar shampla, ‘mainistir’, ‘cill’, ‘teampall’, ‘clochar’ nó ‘easpag’. Fiú amháin ‘tobar’, is minic gur tobar beannaithe atá i gceist. An bhfuil rian na Críostaíochta le brath ar logainmneacha do cheantair féin?
- An bhfuil scéalta nó seanchas ar bith ann faoin dóigh a bhfuair áiteanna faoi leith a n-ainmneacha?
- Ar bailíodh logainmneacha na háite/an chontae nó an bhfuil teacht ar mhórán eolais fúthu?

Más mian leat dul níos faide leis an scéal, agus taighde cuimsitheach a dhéanamh ar logainmneacha do cheantair nó do chontae féin, tá treoir chuimsitheach agus réimse leathan acmhainní tacaíochta le fáil ar https://www.logainm.ie/scoil/pdf/logainm.ie-scoil2-11-tionscadal-taighde.pdf

Is fiú amharc chomh maith ar an tsraith ‘Logainm’ a craoladh ar TG4 siar in 2017: https://www.tg4.ie/ga/clair/logainm.

Tusa ag foghlaim: fillteán foghlama

Tá sé iontach tábhachtach go gcoinneofá taifead de chinéal inteacht agus tú i mbun staidéir ar an Ghaeilge. Níl de dhíth ort ach fillteán nó leabhar nótaí nó d'fhéadfá comhad a chruthú ar an ríomhaire agus cur leis go rialta. Fút féin atá sé. Cuideoidh cur chuige mar seo leat súil a choinneáil ar caidé mar atá ag éirí leat. Bí ag cur leis an fhillteán ar bhonn rialta, i ndiaidh achan ranga, má bhíonn seans agat.

D'fheadfá na rannóga seo a leanas a bheith mar chuid den fhillteán.

Spriocanna na bliana	Na spriocanna a leag tú síos sa *Greille Féinmheasúnaithe* (Aonad 1).
Acmhainní	Liosta de na hacmhainní a mbaineann tú úsáid astu go rialta agus spás le cinn nua a chur leis.
Mo chuid oibre	Samplaí den obair a dhéanann tú le linn an chúrsa. Mar shampla, píosa taighde, cur i láthair nó tascanna a dhéanann tú sa rang nó mar obair bhaile.
Aischothú	Na ceartúcháin a chuireann an múinteoir ar fáil duit agus do chuid nótaí féin maidir leis na ceartúcháin sin.
Rudaí úra	Nótaí de rudaí úra a fhoghlaimíonn tú ó rang go rang. Mar shampla, stór focal, nathanna cainte, pointí gramadaí.
Súil siar ar achan rang	Na rudaí a d'fhoghlaim tú, na rudaí a rinne tú féin a raibh tú sásta leo, na rudaí nach dtuigeann tú i gceart go fóill.
Mise agus an Ghaeilge	Na bealaí inar úsáid tú an Ghaeilge taobh amuigh den rang an tseachtain seo. Mar shampla, gearrscéal a léamh, éisteacht le clár raidió, a bheith páirteach in imeacht faoi leith.